Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8359/26**

**SAN 229**
**PHARM 60**
**MI 362**
**COMPET 452**
**DELACT 77**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7573/26 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an 20.3.2026 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta d'fheistí so-ionchlannaithe in aicme IIb atá díolmhaithe ón oibleagáid measúnú a dhéanamh ar an doiciméadacht theicniúil le haghaidh gach feiste<br>*– Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe* |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite[1] faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagal 52(5) de Rialachán (AE) 2017/745 an 20 Márta 2026. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoin ngníomh tarmligthe maidir le liosta na bhfeistí so-ionchlannaithe in aicme IIb atá díolmhaithe ón oibleagáid measúnú a dhéanamh ar an doiciméadacht theicniúil le haghaidh gach feiste an 20 Márta 2026, tá go dtí an 21 Meitheamh 2026 ag an gComhairle chun agóid a dhéanamh.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis an gníomh tarmligthe agus chomhaontaigh sí nach bhfuil aon fhorais ann chun go ndéanfadh an Chomhairle agóid ina choinne.

[1] 7573/26.

3. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhódh an Chomhairle nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go bhfuil an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa le cur ar an eolas faoi sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 52(5) de Rialachán (AE) 2017/745.